Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/2214

19.3.2024

**Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí**

(C/2024/2214)

Lena fhoilsiú seo, tugtar an ceart cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

DOICIMÉAD AONAIR

**'Ροδόσταγμα Αγρού / Rodostagma Agrou / Agros Rosewater'**

**Uimh. AE: PGI-CY-02862 – 26.8.2022**

1. **Ainm(neacha) TGFC**

'Ροδόσταγμα Αγρού / Rodostagma Agrou / Agros Rosewater'

2. **Ballstát nó tríú tír**

an Chipir

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra**

3.1. *An cineál táirge*

Aicme 2.10. Blátholaí

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is uisce aramatach, nó driogáit uiscí é 'Ροδόσταγμα Αγρού / Rodostagma Agrou / Agros Rosewater'. Táirgtear é le driogadh uisce inólta bhláthanna iomlána an speicis *Rosa damascena* de rós aramatach. Táirgtear é go heisiach ón gcéad driogadh, nach gcaolaítear le huisce, gan aon dea-bholadh ná leasaitheach a chur leis. Is saintréith den táirge é dea-bholadh fíorláidir úr, atá cosúil le dea-bholadh rósanna úra.

Saintréithe fisiciúla agus orgánaileipteacha

Dath: éadathach, trédhearcach

Raimhre: leachtach

Dea-bholadh: rósanna úra

Blas: rósanna úra

Ceimic

Cion bláthola 150 mg/lítear ar a laghad (0,015 %)

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Déantar an táirge 'Ροδόσταγμα Αγρού / Rodostagma Agrou / Agros Rosewater' as bláthanna rós *Rosa damascena*, ó ghabháltais atá suite laistigh den limistéar geografach sainithe. Tá an limistéar lonnaithe i soirc, nó log nádúrtha, timpeallaithe ag sléibhte. Gabhann saintréithe aeráide sonracha leis: bíonn an geimhreadh séimh, an samhradh fionnuar, na gaotha bog agus an bhogthaise sách ard. Tá na dálaí sin an-fhabhrach d'fhás rósanna *Rosa damascena* agus áirithítear leo go mbíonn an déine aramatach a bhfuil gá léi ann chun 'Ροδόσταγμα Αγρού / Rodostagma Agrou /

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1151/oj

Agros Rosewater' den dea-bholadh inmhianaithe a dhéanamh. Thairis sin, ina theannta sin, toisc go n-úsáidtear amhábhair ó ghabháltas talmhaíochta sa limistéar geografach sainithe baineann buntáiste leis na hachair ghearra iompair. Cabhraíonn sé sin leis an strus ar na rósanna fíneáilte a íoslaghdú, lena gcaomhnaítear dea-bholaithe láidre na n-amhábhar agus lena n-aistrítear iad chuig an táirge deiridh: 'Ροδόσταγμα Αγρού / Rodostagma Agrou / Agros Rosewater'

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór na céimeanna seo a leanas i dtáirgeadh 'Ροδόσταγμα Αγρού / Rodostagma Agrou / Agros Rosewater' a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe:

— buaint na rósanna ó ghabháltais talmhaíochta agus a n-aistriú chuig an suíomh driogtha;

— glacadh le seachadadh na rósanna dá ndriogadh láithreach nó a slánchoinneáil shealadach roimh an driogadh;

— stóráil na driogáite uiscí i ndabhcha roimh bhuidéalú;

— nósanna imeachta a bhaineann le sláinteachas an táirge (scagadh agus/nó cóireáil fhrithmhiocróbach).

3.5. *Rialacha sonracha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór buidéalú a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe toisc go bhféadfadh athruithe ar an teocht agus/nó nochtadh do sholas saintréithe ceimiceacha an táirge a athrú agus d'fhéadfadh an dea-bholadh dul in olcas dá thoradh. An tráth céanna, nuair a dhéantar buidéalú laistigh den limistéar geografach sainithe, ráthaítear inrianaitheacht an táirge. Ní mór lipéadú an táirge a dhéanamh laistigh den limistéar sainithe ar chúiseanna inrianaitheachta freisin.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an fhoclaíocht 'προϊόν παραγόμενο από την Τριανταφυλλιά "Rosa damascena" η οποία καλλιεργείται στην κοινότητα Αγρού' [arna dhéanamh as rósanna *Rosa damascena* a táirgeadh i bPobal Agros] a thaispeáint go soiléir ar an lipéad.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá limistéar geografach táirgthe 'Ροδόσταγμα Αγρού / Rodostagma Agrou / Agros Rosewater' laistigh de theorainneacha riaracháin phobal Agros i gCeantar Limassol.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá clú ar 'Ροδόσταγμα Αγρού / Rodostagma Agrou / Agros Rosewater' as úire láidir a dhea-bholaidh, atá cosúil le dea-bholadh rósanna. Baineann airíonna speisialta an táirge le húsáid rósanna fíor-aramatacha an speicis *Rosa damascena* a fhástar sa limistéar geografach sainithe. An toisc eile ná saineolas na dtáirgeoirí, ón mbuaint agus ar fud an phróisis driogtha. Forbraíodh an saineolas sin le himeacht ama go sonrach chun dea-bholadh na rósanna a chaomhnú agus é a aistriú chuig an táirge. Chuir na saintréithe sin le clú an táirge, rud a fhágann go mbíonn an-tóir air i measc tomhaltóirí.

Bíonn dea-bholadh láidir ar na hamhábhair, *Rosa damascena*, de bharr dhálaí geoifisiceacha an limistéir gheografaigh shainithe. Tá an limistéar suite ar airde 1 000 m agus is log nádúrtha é go bunúsach, a chosnaítear ar na gaotha aduaidh leis na sléibhte máguaird den sliabhraon Troodos. Cruthaítear leis na dálaí sin miocraeráid atá fabhrach do shaothrú rósanna *Rosa damascena*, tiúchan bláthholaí agus forbairt dhea-bholadh láidir na rósanna. Áirítear sna tagairtí stairiúla do dhea-bholadh *Rosa damascena* ó Argos frásaí tuairisciúla amhail 'corraíonn na rósanna cumhra na polláirí' agus 'an rós cumhra a fhástar in Agros'.

Chun dea-bholaithe láidre 'Ροδόσταγμα Αγρού / Rodostagma Agrou / Agros Rosewater' a choinneáil, úsáideann táirgeoirí modhanna atá beartaithe chun dea-bholaithe na rósanna a uasmhéadú ón mbuaint go dtí go dtagann siad chuig an suíomh próiseála, agus le linn an driogtha agus ina dhiaidh.

Chun an tiúchan is airde is féidir de dhea-bholaithe a bhaint amach, ní dhéanann táirgeoirí an bhuaint ach go fíorluath ar maidin, tráth a choimeádann na rósanna a ndea-bholaithe ina dtaise. Áirithíonn siad ansin go n-iompraítear na rósanna go díreach chuig na suíomhanna próiseála, roimh 10 a.m. Ní bhíonn mórán ama idir an bhuaint agus an driogadh chun ídiú na ndea-bholaithe de dheasca struis nó caillteanas taise a sheachaint. Bíonn an t-aga iompair íseal a bhuí le hachair an-ghearr idir na gabháltais agus na suíomhanna próiseála (drioglanna), toisc nach bhfuil ach thart ar 10 gciliméadar chearnógacha sa limistéar geografach sainithe. Thairis sin, gné thábhachtach den phróiseas táirgthe ná go ndéantar an driogadh láithreach nó, ar a dhéanaí, laistigh de 24 uair an chloig ón mbuaint. Cabhraíonn sé sin le saintréithe aramatacha inmhianaithe na rósanna a chaomhnú.

Cuirtear an saineolas arna fhorbairt ag na táirgeoirí chun úsáide ansin chun na dea-bholaithe a chaomhnú le linn na céime próiseála. Tá sé dírithe ar dheighilt na bláthola le linn an phróisis driogtha a sheachaint, lena gcoimeádtar, dá bhrí sin, na dea-bholaithe láidre sa táirge. Le himeacht ama, chun na dea-bholaithe a chaomhnú, tá roghnaithe ag táirgeoirí 'Ροδόσταγμα Αγρού / Rodostagma Agrou / Agros Rosewater' a phróiseáil agus a chur ar an margadh mar tháirge den chéad driogadh go heisiach. Roimh an mbuidéalú, stóráiltear é i dtimpeallacht fhionnuar, gan luaineachtaí teochta móra, faoi bhrat bláthola driogtha, gan tuilleadh caolúcháin le huisce.

Thosaigh táirgeadh 'Ροδόσταγμα Αγρού / Rodostagma Agrou / Agros Rosewater' i bpobal Agros an tráth céanna a thosaigh saothrú rósanna *Rosa damascena*, thart ar thús an 20ú céad. Rith smaoineamh le múinteoir ceannródaíoch an tráth úd chun an rós cumhra a scaipeadh. Bhunaigh sé 'Cumann na nDaltaí um Scaipeadh na Rósóige' agus bhunaigh sé an chéad drioglann chun an táirge a tháirgeadh. Ó shin i leith tá an traidisiún sin coinnithe ar bun ag pobal Agros. Ó aois óg, foghlaimíonn muintir na háite óna dtuismitheoirí conas na rósanna a shaothrú agus a bhuaint dá bpríomhchuspóir, is é sin 'Ροδόσταγμα Αγρού / Rodostagma Agrou / Agros Rosewater' a tháirgeadh.

Cuirtear i dtábhacht le tagairtí, idir shean agus nua, gurb é a dhea-bholadh láidir airí speisialta an táirge. I nuachtáin ré atá thart, tugadh tuairisc air mar a leanas: 'ba cheart dóibh siúd a bhfuil fíor-rósuisce ag a bhfuil cumhra eisceachtúil uathu rósuisce clúiteach Agros a fháil, atá i mbarr a réime sa Chipir agus a mbíonn an-tóir air i measc na dteaghlach uaisle uile'. Deirtear i sampla eile: 'táirgtear rósuisce clúiteach Agros, atá i mbarr a réime sa Chipir, faoi mhaoirseacht sheasta Chumann Talmhaíochta Agros, agus is é séala an Chumainn an ráthaíocht gurb é an rósuisce is fearr sa Chipir é. Ní bhíonn spéis dá laghad acu siúd a thriaileann é i rósuiscí eile'.

Maidir le dea-bholadh láidir *Rosa damascena* a fhástar in Agros, chomh maith leis an saineolas arna fhorbairt chun dea-bholaithe 'Ροδόσταγμα Αγρού / Rodostagma Agrou / Agros Rosewater' a chaomhnú agus a aistriú, tá curtha acu le clú an táirge. Dá thoradh sin, tá comhchruinniú dlúth rósóg den chineál *Rosa damascena* laistigh de theorainneacha riaracháin phobal Agros.

In 2017, bhí 'Ροδόσταγμα Αγρού / Rodostagma Agrou / Agros Rosewater' le feiceáil san fhoilseachán *A taste of Cyprus — the best traditional products from the island of Cyprus* [Blaiseadh den Chipir – na táirgí traidisiúnta is fearr ó oileán na Cipire]. In 2018, ainmníodh é mar Tháirge Cipireach na Bliana ag Gradaim Itheacháin na Cipire, agus tugadh suntas dá dhea-bholadh (cumhra). Tá sé suntasach chomh maith gur eisigh Údarás Teileachumarsáide na Cipire in 2014 cártaí fóin ar ar léiríodh an táirge traidisiúnta sin. Déantar tagairtí iomadúla do 'Ροδόσταγμα Αγρού / Rodostagma Agrou / Agros Rosewater' i leabhair, treoirleabhair maidir leis an ngastranamaíocht agus treoracha do thurasóirí lena n-áirítear pobal Agros, ar shuíomhanna gréasáin agus i gcláir chócaireachta amhail eagrán 52 de *Μαγειρική ΠΟΠ* [Cócaireacht ATFC]. Úsáideann gnólachtaí bia a chuid cáilíochta eisceachtúil i gcur chun cinn a gcuid táirgí amhail uachtar reoite agus síoróip róis a dhéantar as 'Ροδόσταγμα Αγρού / Rodostagma Agrou / Agros Rosewater'. Rinneadh tagairt speisialta do cheird 'cháiliúil' tháirgeadh an táirge, mar a deirtear ar an suíomh gréasáin ábhartha, in 2008 nuair a bronnadh an teideal Ceann Scríbe Eorpach Barr Feabhais, sa chatagóir Oidhreacht Dholáimhsithe, ar phobal Agros. Anuas air sin, tá áit speisialta ag an táirge san Fhéile Rósanna bhliantúil, atá á reáchtáil ó bhí 2006 ann i bpobal Agros agus tagann líon mór cuairteoirí chuige. Thairis sin, tá 'Ροδόσταγμα Αγρού / Rodostagma Agrou / Agros Rosewater' i measc na dtáirgí ag a bhfuil na lipéid cháilíochta 'Cyprus Breakfast' [Bricfeasta na Cipire] agus 'Taste Cyprus Delightful Journeys' [Blaiseadh den Chipir, Aistir Iontacha].

Is léir an nasc idir Agros agus na táirgí a dhéantar as an gcineál róis, *Rosa damascena*, atá faoi bhláth sa limistéar, ó shaol sóisialta an phobail. Tá an toisc dhaonna bainteach go díreach le saothrú rósanna chun 'Ροδόσταγμα Αγρού / Rodostagma Agrou / Rósuisce Agros' a tháirgeadh. Go deimhin, go luath ar maidin, sula dtéann siad ar scoil, téann na leanaí amach lena dtuismitheoirí chun na rósanna a bhuaint. Is próiseas láimhe é, agus seachadtar na rósanna chuig an suíomh próiseála agus téann na leanaí ar scoil. Is gníomhaíocht teaghlaigh í buaint na rósanna d'áitritheoirí Agros lena n-urramaítear na cleachtais réamhluaite. Sa lá atá inniu ann, leanann na táirgeoirí na cleachtais chéanna sin go hurramach chun dea-bholadh 'Ροδόσταγμα Αγρού / Rodostagma Agrou / Agros Rosewater' a chaomhnú agus a aistriú. An tráth céanna, caomhnaíonn siad clú an táirge as a dhea-bholadh nó cumhra, agus a nasc le pobal Agros.

**Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge**

http://www.moa.gov.cy/moa/da/da.nsf/All/82B33F7D83ABF5A8C225879C00346BA5?OpenDocument